
# Ag Cúléisteacht le páistí i ngailearaithe
# An paisean a choinneáil i gcroílár na cuairte...

**Le Helen O'Donoghue**

Coimeádaí Sinsearach agus Ceann Rannpháirtíochta agus Cláir Foghlama, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann



L'Université, Alice Maher, 2012. Íomhá © Colm Hogan.

*'…Is iad anamacha na ndaoine a rinne staidéar anseo'*

… B'in rud a bhí le rá ag páiste amháin faoi shuiteáil *L'Université* le Alice Maher i halla léachtaí as úsáid, áit a bhí mar Choláiste Ollscoile ar Ardán Phort an Iarla i mBaile Átha Cliath[1]. Bhí an saothar i seomra dorcha ina raibh na céadta soilse beaga ar crochadh thar sheandeasca ar a raibh graifítí, agus píosaí scríofa agus líníochta le feiceáil in iliomad léasacha solais. Airím paisean, a chuireann borradh fúm go proifisiúnta nuair a chloisim freagairt léargasach den sórt seo, nó nuair a fheicim páiste ag ligean cnead as agus é faoi dhraíocht an tsaothair ealaíne atá le feiceáil i ngailearaí IMMA, agus is rud é atá i gcroílár an tsaothair do gach oideoir gailearaí ar fud an domhain. Is pribhléid a bheith ag obair i músaem ina bhfuil rudaí éachtacha ag a bhfuil an chumhacht chun ár n-aird a tharraingt, chun an anáil a bhaint dínn, chun ligean dúinn léim isteach i spás anaithnid laistigh dínn féin agus chun na rúin atá ionann a thabhairt chun cuimhne ar feadh nóiméid nó ar feadh an tsaoil.

---

Suiteáladh [1] *L'Université* i ngailearaí nach raibh ar an láthair a bhí ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) in 2012.

Níl rud ar bith sa saol seo atá níos fearr ná fíorthaithí an tsaoil a bhaineann le saothair.. Má chreidimid sa chumhacht chlaochlaitheach atá ag na healaíona, agus dá bharr seo gur gné riachtanach í rannpháirtíocht sna healaíona d'fhorbairt an duine agus caithfimid an bhaint atá ag na saothair ealaíne leis na páistí atá faoinár gcúram a chur san áireamh. Tá páistí an lae inniu in ann rochtain a fháil ar shaol fíorúil iontach agus dochreidte ach scáileán a bhrú, ach caithfimid athmhachnamh a dhéanamh ar luach na 'teagmhála' le saothair ealaíne fhíréanta dá bharr sin...

Ag tús an fichiú haois, mhol Franz Cisek, bunaitheoir na healaíne do pháistí agus a ghiolla Georg Kerschensteiner nár cheart do pháistí dul chuig an bpictiúrlann, chuig an amharclann, agus nár cheart scannáin iontacha a thaispeáint do pháistí róluath sa chaoi nach mbeidh tionchar acu ar a líníochtaí nádúrtha scéimreacha. Ba de réir an phoirt chéanna a thosaigh mé ag obair i gcomhthéacs gailearaí/músaeim, bhí mé ar son fanacht nó go mbeadh taithí dá chuid féin ag an bpáiste sula dtaispeánfaí léiriúchán den saothar ealaíne dó.

Ach tar éis dom thart ar fhiche cúig bliain a chaitheamh ag obair sa réimse ealaíne agus oideachais agus íomhánna i ngach áit sa saol seo, bíodh siad i bprionta nó sa saol digiteach, tá mé den tuairim go gcaithfimid athmhachnamh a dhéanamh arís ar an tábhacht a bhaineann le 'teagmháil fhíréanta leis an saothar ealaíne'. Tá na páistí ina gcónaí i saol físe plódaithe agus caithfimid scagadh a dhéanamh ar spreagthaí físe ar bhonn laethúil, mar sin, cén ról atá ag spás gailearaí i saol páiste sa lá inniu?

An bhfuil sé in am athmhachnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh spás gailearaí a chur ar fáil?

Faigheann na páistí taithí ar an 'draíocht' a bhaineann le nádúr an tsaothair ealaíne nach bhfuil siad ag súil leis scaití, dá laghad agus dá chiúine dá bhfuil sé (amhail línelíníocht ar scála beag) go dtí píosaí ollmhóra agus uileghabhálacha (amhail suiteáil mhór ar scála mór), agus ghlac oideoirí músaeim ar fud an domhain páirt i dtriail a bhaint as modheolaíochtaí agus as cuir chuige chun páirt a thabhairt do phaistí i ndialóga fiúntacha faoi shaothair ealaíne i gcaitheamh an tríocha bliain seo caite.

Ó osclaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) in 1991, a bhfuil mé ag obair anois ann, d'oibrigh an t-áras le múinteoirí chun creataí a fhorbairt laistigh chun comhráite ardchaighdeáin a éascú le páistí inár ngailearaithe. Fuarthas amach inár dtaighde an chaoi a bhfuair múinteoirí (agus na daoine fásta ar fad) tuiscint agus meas nua ar na saothair ealaíne dóibh féin, mar thoradh ar bheith ag éisteacht go géar leis an méid a deir páistí nó leis na ceisteanna a chuireann siad, agus nuair atá siad páirteach i gcomhráite faoi chúrsaí ealaíne.

Scríobh duine de na taighdeoirí an méid seo a leanas i gceann de na tionscadail taighde fhadtéarmacha dar teideal *Red Lines Between The Fingers,* (Campbell agus Gallagher 2002):

'Léirigh na múinteoirí an tionchar atá ag nádúr oscailte agus taiscéalaíochta an chreata arís agus arís eile, creat ar bhain na healaíontóirí úsáid as agus iad ag obair le páistí ina seomraí ranga agus nuair atá siad ag éascú rannpháirtíochta le saothair ealaíne sa mhúsaem. Tagann ról an duine fhásta glactha i rath na seisiún do pháistí agus múinteoirí araon chun solais mar ról atá an-tábhachtach.'

'Is é an rud a bhféadfaí 'creat glactha' a thabhairt air ná modh oibre atá bunúsach d'éiteas ríomhchlárúcháin ar fad sa roinn Oideachais agus Pobail den IMMA.' Chuir Clár Bunscoile an Mhúsaeim (PSP) bunús ar fáil don chur chuige a úsáideadh le linn an tionscadail taighde thuasluaite agus a forbraíodh trí shraith comhpháirtíochtaí ealaíontóra/múinteora ar an gcéad dul síos go luath sna 1990idí agus a taifeadadh in *A Space to Grow* (Davoran agus O'Donoghue, 1999).

'Deimhníodh sa taighde go bhfuil an chuairt ar an Músaem ina gné lárnach den tionscadal. Cuireadh deiseanna ar fáil do pháistí chun a dtuairimí ar an saothar ealaíne a chur in iúl, rud a chuir iontas ar na múinteoirí ó am go chéile

de bharr chastacht agus chaighdeán na dtuairimí. Bhí na múinteoirí an-tógtha le leibhéal na smaointeoireachta a raibh an t-ealaíontóir ag súil leis ó na páistí le linn na cuairte chomh maith leis an gcaoi ar thug na páistí aghaidh ar na dúshláin. Bhí iontas orthu gur mhinic gurbh iad na páistí ciúine a bhain an leas is fearr as an bplé agus as an iniúchadh ar an saothar ealaíne,' (5.10 Lch88, 5.11 Lch90)

Bhí an méid seo a leanas le rá ag múinteoir amháin faoin struchtúr a d'úsáid na healaíontóirí agus na hidirghabhálaithe (foireann an ghailearaí) agus iad ag cuidiú leis na páistí a bhí ag féachaint ar shaothar ealaíne: 'Bhí sé an-simplí agus an-éasca a bheith ag obair leo agus an-éifeachtach freisin. Cuireadh creat iontach ar fáil is féidir le go leor daoine fásta a úsáid: Céard de a bhfuil sé déanta? Cén chuma atá air? Cén fáth a ndearnadh é? D'eascair comhrá iontach as an gcreat. Níor tharla aon cheo as an ngnáth, 'Seafóid. Níl aon ciall leis.' Thug sé deis dóibh tuiscint agus meas a fháil ar an saothar. Spreag sé dóibh chun úsáid a bhaint as go leor scileanna réitigh fadhbanna.'

Rinne an múinteoir cur síos ar an bhfreagra a thug páiste amháin nuair a chonaic sé saothar ealaíne *Neon Rice Field (1993)* le Vong Phaophanit:

> *Chuir B iontas ar na daoine fásta ar fad ach a tuairim a roinnt ar an taispeántas ríse agus soilse. Cé gur spreag an saothar go leor freagraí iontacha, chuir freagra an pháiste seo iontas orainn ar fad, de bharr go raibh an freagra an-samhlaíoch agus fíor. Cheap sí go raibh sé cosúil le lámh in aghaidh na gréine de bharr go mbíonn línte dearga sna ladhracha ag an ngrian ag scaladh os a gcionn. Bhí an grúpa ag úsáid an chreata ina raibh trí cheist chun cuimhneamh ar an ealaín seachas neamhaird a thabhairt uirthi. Arís, b'iontach an lánmhuinín a bhí ag na páistí agus iad ag freagairt, ní raibh aon imní orthu a bheith mícheart. Glacadh leis na freagraí ar fad, níor tugadh neamhaird ar aon cheann acu.* (2002, lch.51)
>
> *Chuir na saothair na páistí ag smaoineamh agus thuig siad go raibh a dtuairimí tábhachtach agus nach raibh aon rud ceart ná mícheart. Bhí páirt acu i smaointeoireacht chruthaitheach, i dteanga, i gcúrsaí anailíse: cén fáth ar chruthaigh na healaíontóirí é seo? Smaoinigh siad ar an méid a bhí ar intinn ag an ealaíontóir, céard a bhí an t-ealaíontóir a mhothú? Smaoineamh? Chonaic mé na páistí ag smaoineamh ar bhealach nach bhfeictear rómhinic ar scoil.* (2002, lch.49)

Léirítear taithí IMMA sa taighde idirnáisiúnta ar nós an taighde a rinneadh i dtíortha eile a labhraítear Béarla iontu, mar shampla TATE sa RA, inar shainaithin na taighdeoirí Charmen agus Ross foghlaim chuiditheach agus chomhchuiditheach mar mhodheolaíocht in 2005:

' …tá dialóg lárnach, de bharr go gcuireann sí deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun eolas a roinnt agus a cheistiú agus chun dul i rioscaí agus chun athrú a dhéanamh. Ní fheidhmíonn an múinteoir (ealaíontóir) mar 'shaineolaí' mórán sa tsamhail seo, ach mar 'chomhfhoghlaimeoir', a spreagann dialóga agus ag cur a n-eolais in iúl agus in eagar i gcomhpháirtíocht leis na foghlaimeoirí. Forbraíonn an fhoghlaim taithí agus eolas reatha an fhoghlaimeora (de réir na samhla struchtúir), is iad rúin agus roghanna an fhoghlaimeora a chuireann borradh faoi, agus cuirtear i gcrích é trí phróiseas ina mbailítear agus ina roinntear eolas agus taithí le daoine eile. Agus cuirtear an grúpa nó 'an pobal foghlama' san áireamh ar an gcaoi sin.

Bhunaigh Abigail Housen Straitéisí Smaointeoireachta Amhairc os cionn tríocha bliain ó shin i Meiriceá Thuaidh bunaithe ar fhorbairt aeistéitiúil, rud a d'imir tionchar ar chleachtóirí Éireannacha le gairid. (http://www.vtshome.org/research)

Léirítear in acmhainn a d'fhorbair Mark Maguire ag IMMA le gairid leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil Bunmhúinteoirí darb ainm *Our Collection Looking and Responding, A Guide for Primary Teachers* (2010), an méid taighde ag IMMA agus an méid taighde idirnáisiúnta, agus baineann sé le Bailiúchán IMMA.

Agus é ag cur Bailiúchán IMMA i bhfeidhm, cuireann sé béim ar an éagsúlacht agus ar an nuálaíocht a fhaightear i gcleachtas ealaíne comhaimseartha:

‘Tá na saothair ealaíne seo ar na ballaí agus tá saothair ealaíne ann is féidir siúl ina dtimpeall; tá saothair ealaíne taobh amuigh de sheomraí an mhúsaeim; tá seomraí ann a bhfuil cosúlacht phictiúrlainne orthu, agus tá seomraí ann a bhfuil saothair ealaíne ar fud na háite iontu.’

Tá sé mar aidhm ag turais threoraithe CNCM deiseanna struchtúrtha a chruthú do pháistí ionas go mbeidh siad in ann féachaint ar ealaín, smaoineamh uirthi agus freagairt di. Roinntear an creat ina cheithre shampla --- Eispéireas Céadfach, Breathnóireacht agus Taiscéalaíocht; Faisnéis Fhorlíontach agus Treoir Fhiúntach agus Plé agus Léirmhíniú.

Ba cheart go gcuirfeadh siad seo ar chumas na bpáistí

- Chun úsáid a bhaint as a n-eispéiris phearsanta mar thúsphointe chun iniúchadh a dhéanamh ar ealaín.
- Chun úsáid a bhaint as dialóg agus díospóireacht (i measc páistí níos sine go háirithe) chun smaointe, eolas, agus tuiscint a fhorbairt.
- Chun sraith scileanna smaointeoireachta criticiúla agus anailíseacha a fhorbairt mar fhreagairt d’eispéiris ealaíonta agus aeistéitiúla.

Mar a deir Maguire, ‘Is féidir le páistí fás aníos le Bailiúchán an IMMA. Tá súil againn go mbeidh sé de dheis ag na páistí ag cúig bliana d’aois filleadh ar na gailearaithe céanna agus iad ag teacht in inmhe, le linn a n-óige, agus i gcaitheamh a saol ar fad mar dhaoine fásta. Mar sin, d’fhéadfadh IMMA agus a bhailiúchán go háirithe a bheith mar chuid d’eispéireas aeistéitiúil do dhuine i gcaitheamh a shaoil agus d’fhéadfadh sé a bheith mar fhoinse chultúrtha ar féidir le daoine filleadh uirthi le linn don saol a bheith ag athrú agus ag forbairt.’

Is féidir le cuairteanna minice ar shaothair choitianta braistint chómhuintearais a chruthú don pháiste agus is féidir tuilleadh tuisceana a fháil ar shaothair le himeacht ama. Agus muid ag athrú, léirítear é seo inár dtuiscint ar shaothair ealaíne.

‘...Agus is dá bharr seo agus de bharr go bhfuilimid inár gcónaí i gcultúr a dhéanann cumarsáid trí íomhánna amhairc nach amháin an bhfuil eispéireas na bpáistí ar ealaín chomhaimseartha riachtanach, ach caithfidh sé a bheith ábhartha agus suntasach. Agus IMMA ag feidhmiú mar pháirtí agus mar acmhainn foghlama, is féidir leis na scoileanna a chumasú chun feabhas a chur ar an ngné seo d’eispéireas forbartha an pháiste. (Maguire Lch.13)

Is meafair iad na saothair ealaíne, tá ciall iontu, agus is stór iad le haghaidh smaointe. Ceanglaíonn siad an t-ealaíontóir leis an saol atá ina timpeall agus ceanglaíonn siad an saol sin leis an ealaíontóir. Mar a dúirt Alice Maher:

*Nílimid ag cruthú ealaíne mar chaitheamh aimsire, ní píosa spraoi atá ann... nílimid ag cruthú ealaíne ionas nach bhfeice aon duine í, ní féidir ealaín a dhéanamh gan an ghné eile, agus is é sin an lucht féachana, cuairteoirí, breathnóirí, rannpháirtithe, léitheoirí, daoine eile sa lucht féachana, éisteoirí. **Is é an lucht féachana leath na healaíne** agus cuireann siad leis an ealaín go mór agus fanann siad mar chuid den saothar. Caithfear leas a bhaint as samhlaíocht bheo an luchta féachana agus caithfear ligean don tsamhlaíocht tionchar a imirt ar an saothar ealaíne agus chun leas éigin a fháil as. Baineann an ealaín leas as an lucht féachana a fheiceann í, ar mhaithe lena stór céille féin a bhfuiltear ag cur leis go leanúnach, agus é ag cur tuiscint ar fáil do shaol an luchta féachana seo.* (Maher, 2007)[2]

[2] ALICE MAHER ealaíontóir, sliocht óna cur i láthair le haghaidh na Comhdhála CNCI ‘Cás an Chultúir’ an 3 Aibreán, 2007

Ó tharla go bhfuil a fhios againn go bhfuil na comhráite is fearr déthaobhach, tá dialóg lárnach don chumarsáid agus má táimid in ann leanúint ar aghaidh ag tabhairt páistí chuig na gailearaithe, cá bhfios cén léargais a chloisfimid.

**Helen O'Donoghue, IMMA**

Coimeádaí Sinsearach í **Helen O' Donoghue** agus is í Ceann Rannpháirtíochta agus Cláir Foghlama Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Éire. Ceapadh chuig a ról reatha í in 1991, agus d'fhorbair sí an clár ó bunaíodh an Músaem. Tá sí ag obair le ceathrar ball foirne coimeádaíochta faoi láthair, agus chruthaigh siad tionscnaimh d'fhoghlaim fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta ina bhfuil rannpháirtíocht le gach gné den mhúsaem.

Chuir O'Donoghue páipéir i láthair agus d'fhoilsigh sé ábhar go forleathan do chomhdhálacha Músaeim. Cuimsítear an méid seo a leanas leis na taispeántais/foilseacháin: Crosbhealaigh: Testing a World View 1996, Unspoken Truths (1992-- 1996), Once is Too Much (1997--2004), A Space to Grow 1999, '…and start to wear purple' 1999, Equivalence 2002, John the Painter 2003, Hearth 2006, E.gress 2015--2016 agus téacsanna Borderlines: Téacs Gairdín le David Jacques ar chónaitheacht ealaíontóra i mbunscoil: in 100 Flowers to Bloom: Fire Station Artists' Studios, 2007; Art, Artists and the Public: pedagogical models for engagement with art and artists in a museum context in Art Education and Contemporary Culture, eagarthóir: Gary Granville, Intellect 2012; dhá théacs Education in the Visual Arts and Participatory Arts, Art and Architecture of Ireland/Imleabhar V, ARÉ/Yale, 2014

Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2016